GX1280

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

Scrúduithe an tSamhraidh 1999

Stair na Céadbhliana
Paipéar II : Stair na hEorpa

Seán Duffy
Owen Dudley Edwards
Nicholas Canny
Steven Ellis
William O'Reilly

Am ceadaithe: **Trí** huair a chloig
Freagair **Ceithre** cheist

1. Dúirt Machiavelli gur tháinig beagnach gach a raibh ar eolas aige faoin saol pholaitiúil ós na díospóireachtaí a bhíodh aige leis na seanóraigh. Cérbh iad na seanóraigh sin? Déan scrúdú ar a d'tionchar ar An Prionsa.

2. Pléigh tionchar na trádála nó na déantúsaíochta ar an saol sóisialta agus an saol cultúrtha in aon chathair amháin le linn na hAthbheochana Léinn san Iodáil.

3. Pléigh an sprid shaolta a bhí i láthair san ealaín agus sa díospóireacht pholaitiúl le linn na hAthbheochana Léinn san Iodáil.

4. Cad iad na gnéithe de Utopia le Thomas More a thacaíonn lena áireamh i measc téacsanna de chuid na hAthbheochana Léinn i d'tuaisceart na h-Eorpa?

5. Cérbh iad na príomh aidhmeanna a bhí ag an Impire Séarlas V le linn a réimis, agus cén fáth nár éirigh leis iad a chur i gcrích?

6. Cén saghas saoirse a bhí i gceist ag Máirtín Liútar nuair a luaigh sé 'Saoirse an Chríostaí'. Mínigh tionchar an ráitis sin ar chreideamh agus ar chleachtadh Críostúil sa 16ú haois.

7. Déan measúnú ar bhaint na réabhlóide clódóireachta le cúrsaí oideachais agus creidimh san Eoraip 1600-1650.

8. Pléigh dóigheanna inar spreag bolgadh praghasanna agus fás daonra an míshuaimhneas sóisialta i measc tuathánaigh na Gearmáine i rith na treimhse 1500-1525.

/...

9. Cad chuige gur chreid na húdaráisí gur réabhlóideach contúirteach a bhí i i Thomas Müntzer.

10. Arbh é príomhaidhm gluaiseacht Fhrithleasú Creidimh na troid in aghaidh an Leasú Creidimh nó an Eaglais Chaitliceach a leasú?

11. Déan comparáid agus codarsnacht idir dul chun cinn an Leasú Creidimh i Sasana agus sa Ghearmáin.

12. Cad chuige gur chuir Pilib II an Armáid in aghaidh Shasana?

13. An coinbhlíocht reiligiún a bhí i gceist leis na Cogaí Francacha, 1560-1598?

14. 'In the sixteenth century at least, particularism was a more potent force than patriotism in provoking and sustaining oppression to the rule of Philip II in the Netherlands.' Pléigh an ráiteas sin.

15. Cé chomh tábhachtach do Shasana agus don Spáinn a bhí na cóilíneachtaí thar lear san 16ú aois?

16. 'Spain can be considered as a defender of the *status quo* rather than as an aggressor in European politics, 1550-1650.' Do bharúil faoi sin.

17. Cad ba chúis le tosnú na coinbhleachta san Eoraip i 1618?

18. Cen chaoi inar athraigh cothromaíocht na cumachta i lár agus i dtuaisceart na hEorpa tar éis Shíocháin Westfalen, 1648?